


Sa cheacht seo gheobhaidh gach dalta eolas ar:

1. Na ciseil dhifriúla atá san atmaisféar, an ciseal ózóin san áireamh.
2. Cad is Iarmhairt Cheaptha Teasa ann agus conas a oibríonn sé.

Cisil an atmaisféir

Tá an t-atmaisféar roinnte ina 5 chiseal.

Tá sé ar an méid is dlúithe gar don dromchla agus laghdaíonn sé i méid fad is a théann sé in airde go dtí go nascann sé leis an spás.



Is é an **trópaisféar** an chéad chiseal os cionn an dromchla agus tá leath d'atmaisféir an domhain laistigh de. Tarlaíonn aimsir sa chiseal seo.

Is é an **straitisféar** an dara ciseal. Eitlíonn an-chuid scairdeitleáin sa straitisféar toisc go bhfuil sé an-chobhsaí. Laistigh den straitisféar tá an CISEAL ÓZÓIN, a ionsúnn gathanna díobhálacha ón ngrian.

Is é an **méisisféar** an ciseal os a chionn siúd. Dóitear píosaí carraigeacha sa chiseal seo.

Is é an **teirmisféar** an ceathrú ciseal agus is anseo a dhéanann spásárthaí fithisiú.

Is é an **t-eisiféar** an ciseal ina dtosaíonn an t-atmaisféar ag cumasc leis an spás. Tá sé an-tanaí ar fad.

Céard é an Ciseal Ózóin?

Is éard atá i gceist leis an gCiseal Ózóin ná ciseal de ghás ózóin thart ar 24 ciliméadar thuas san atmaisféar.

Mar a dhéanfadh péire maith spéaclaí gréine, tugann sé cosaint dúinn ó gathanna díobhálacha ultraivialaite na gréine.

Tá an ciseal is tábhachtaí díobh á lot ag CFC (clórafluoracarbón), a úsáidtear i dtionscal agus sa ghnáthshaol (e.g. cannaí aerasóil).

Toisc poll a bheith sa chiseal ózóin níl an chosaint chéanna ag daoine agus ainmhithe ó sholas UV.

Cad is Iarmhairt Cheaptha Teasa ann?

Tháinig an téarma iarmhairt cheaptha teasa ó choincheap an teasa a chruthaítear i dteach gloine - teach a thógtar chun plandaí a fhás ann.

Gabhann an teach gloine solas na gréine agus coisceann sé an teas ó éalú amach. Tá sé breá te teolaí laistigh den teach gloine.

Ar an gcaoi chéanna a ghabhann an ghloine sa teach gloine an teas gabhann an t-atmaisféar teas atá cóngarach don domhan.



Déanann gáis áirithe san atmaisféar cosúil le dé-ocsaíd charbóin, meatán agus gal-uisce fuinneamh *breise* ón ngrian a ghabháil.

Feidhmíonn an teach gloine nádúrtha seo mar a bheadh blaincéad mór mórthimpeall an domhain, á choinneáil te.

Is féidir le daoine gáis bhreise cheaptha teasa a chruthú agus mar sin gabhtar fiú níos mó teasa.

Mar thoradh air seo, ardaíonn teocht an domhain. Tugtar téamh domhanda air seo.

Mar thoradh ar théamh domhanda ardaíonn leibhéil na farraige, titeann níos mó báistí agus bíonn triomaigh agus tuitte níos measa ann.

Cén tionchar atá ag téamh domhanda ar dhaoine agus ar ainmhithe?

Turgnamh 1: Déan tástáil ar thionchar theach gloine ar an teocht

Na hábhair is gá don turgnamh:

- Buidéal plaisteach
- Tairne
- 2 theirmiméadar
- Leabhar nótaí
- Peann luaidhe

Modh:

Cuid 1: Teach gloine a dhéanamh

1. Cuir poll i mbarr an bhuidéil phlaistigh leis an tairne.
2. Cuir an chéad teirmiméadar isteach sa pholl.

Cuid 2: Sonraí a thairfeadh

1. Cuir an dara teirmiméadar in aice an bhuidéil.
2. Cinntigh go sroicheann an méid céanna de sholas na gréine an dá theirmiméadar.
3. Tar éis 10 nóiméad, breac síos na teochtaí ar an dá theirmiméadar.
4. Breac síos na sonraí sa leabhar nótaí.
5. Breac síos na teochtaí arís tar éis 10 nóiméad.
6. Déan seo cúpla uair.

Cuid 3: Déan anailís ar na torthaí

1. Cuir na ceisteanna seo a leanas:
 - Ar thairfeadh na teochtaí céanna ar an dá theirmiméadar?
 - Mura ndearnadh, cén fáth?
 - An féidir leat a mhíniú cén fáth nach raibh na luachanna seo mar an gcéanna?